Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

U.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie

Ríomhphost:oifig@gsbb.ie

21-06-21(an lá is faide sa bhliain)

A thuismitheoirí, a chairde,

Bhí cúpla seachtain an-ghníomhach ag na páistí agus na múinteoirí ar scoil. D'éirigh go hiontach leis an laethanta spóirt agus chabhraigh an aimsir go mór linn. Ár mbuíochas arís le Cairde na Scoile as soláistí a chur ar fáil dos na picnicí. Thaitin an fheirm go mór leis na ranganna sóisearacha agus d'fhoghlaim na páistí an-chuid faoi na hainmhithe. / ***The children and the staff have had a very busy and active few weeks. The sports' days were a great success helped in no small way by the weather. Thank you once again to Cairde na Scoile for providing goodies for the class picnics. The junior children really enjoyed the visiting farm and learned lots about the animals.***

Comhghairdeas leis an dá rang 3 a bhuaigh gradaim faoi seach don Bhleaist Eolaíochta. Bhí tionscnaimh faoi bholcáin ag Rang 3 Proinnsias agus tionscnamh faoi chriostail a fhás ag Rang 3 Ciara. Bhí na moltóirí an-tógtha leis an dá thionscnamh. / ***Congratulations to both third classes who won awards last week for their entries to Science Blast. Rang Phroinnsias built active volcanoes and Rang Chiara grew crystals. The adjudicators were very impressed with their standard of entries.***

Comhghairdeas le daltaí Rang 6 a rinne Seirbhís an tSolais ar líne an Déardaoin seo caite. Tá súil acu an Cóineartú a dhéanamh i Mí Lúnasa. / ***Congratulations to the pupils in 6th class who took part in the Service of Light last Thursday on Zoom. It is intended to hold the Confirmation ceremony this August.***

Seo an bhliain dheireannach do dhaltaí Rang 6 agus guímid gach rath orthu agus iad ag bogadh ar aghaidh go dtí an mheánscoil. Gabhaimid buíochas leo as gach rud a thug siad agus a dtuismitheoirí don scoil. Gabhaimid buíochas leis na múinteoirí agus na cúntóirí go léir a chabhraigh leo ar an aistear seo. Slán speisialta le gach teaghlach arb é seo an searmanas fágála deireannach dóibh. / ***This is the final year in GSBB for our 6th class pupils and we wish them the very best on their journey onwards to secondary school. We thank them for all they and their parents have given to the school. We also thank all the teachers and snas who helped them on their journey. A special word of farewell to those families for whom this is their last graduation from GSBB.***

Beidh na páistí ag dul abhaile do laethanta saoire an tsamhraidh ar na Aoine, an 25-06-21, ag tosnú ag 12.00 dos na naíonáin agus ag críochnú ag 12.15 do pháistí Rang 1-6 a mbaileofar. / ***The children will be finishing this Friday, the 25-06-21, for the summer holidays, beginning at 12.00 for infants and finishing at 12.15 for children from Rang 1-6 who are being collected. Please let us know beforehand if infants are going home on bus.***

Bhí bliain an-dúshlánach againn dár ndóigh ach d'éirigh linn go leir na páistí a choinneáil ar scoil an téarma seo. Tá cuma ar an scéal go bhfuil rudaí ag feabhsú de réir mar a fhaigheann níos mó daoine an vacsaín. Leanaigí ar aghaidh ag tabhairt aire agus bainigí sult as na laethanta saoire. ***This has been a very challenging year but thankfully we all managed to keep the children in school this term. Things seem to be improving on the Covid front as more people are being vaccinated. Please continue to stay safe and enjoy the holidays.***

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le páistí na scoile as meangadh gáire a choimeád ar m'aghaidh, le tuistí agus le Cairde na Scoile as bhur gcuid tacaíochta tríd na bliana, as an mBord Bainistíochta as cabhrú leis an scoil a stiúradh agus le foireann na scoile a rinne gaisce i mbliana agus iad i mbun oibre leis an páistí. ***/ On a final note, I wish to sincerely thank all the children in school for keeping a smile on my face, to the parents and to Cairde the scoile for your ongoing support, to the Board of Management for its continued guidance and to a brilliant staff who worked tirelessly on behalf of the children.***

Bíodh samhradh álainn agaibh/ ***Have a wonderful summer.***

Séamus Seaghach (Príomhoide)